gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait

Inis Oírr
Oileáin Árann
Co. na Gaillimhe.
099 75016
087 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie

Príomhoide: Bríd Ní Dhonnacha
Príomhoide Tánaisteach: Mary Ann Ní Chonghaile

NUACHTLITIR SAMHRADH 2019

AIFREANN CEILIÚRADH BLIAIN 6

Bhí Aifreann ceiliúradh bliain 6 ar siúl ar an Aoine 17 Bealtaine.

Guímid muid gach rath ar:
Muireann Ní Fhlatharta
Énda Ó Donnacha
Dara Ó Maoláin
Nathan Kearney
Jordan Mooney
sna scrúduithe agus sa saol amach rompu.

MAIDIN CAIFE

Bhí maidin Chaife ar mhaithe le fuinneoga nua do Shéipéal Mhuire Inis Oírr ar siúl ar an 7/12/2018.

Bhí maidin Chaife ar son Oispís na Gaillimhe ar siúl ar an 19/10/2018 i Halla Inis Oírr agus bailíodh €1241.10. Míle buíochas le gach duine a bhí i láthair agus a thug tacaíocht.

COMHAIRLE NA MIC LÉINN 2018/2019 – GLÓR NA SCOLÁIRÍ

Bliain 1: Róisín Ní Dhomhnaill	Cisteoir
Bliain 2: Jack Ó Domhnaill	Leas Chathaoirleach
Bliain 3: Jackie Ní Uallacháin	Rúnaí
Bliain 5: Tara Cooley	Cathaoirleach
Bliain 6: Jordan Mooney	Leas Rúnaí

TURAS SCOILE GO KILLARY AG TÚS NA BLIANA

Chuaigh scoláirí Choláiste Ghobnait ar thuras go Killary ar an 24/09/2018. Bhain na scoláirí an-taitneamh as an turas.

COMÓRTAS WAKO CRAOBH AN DOMHAIN

Ghlac Scoláire Coláiste Ghobnait Bobby Mac Gabhann páirt sa gComórtas 'WAKO Craobh an Domhain' i Veinéis na hIodáile. Tá Corn na hÉireann faoi 65 kg buaite ag Bobby agus é roghnaithe ar fhoireann chicdornálaíochta na hÉireann. Scoláirí Coláiste Ghobnait ag bronnadh crios thraidisiúnta Inis Oírr ar Bhobby (siombal tacaíochta) ag guí gach ráth ar Bhobby agus ag súil go mbeidh crios an domhain abhaile leis.

ÚSÁID MEÁIN SHÓISIALTA

Tá Coláiste Ghobnait ag baint úsáid as na meáin shóisialta chun an scoil a chur chun cinn. Is cinnte go bhfuil sé ag cur daoine ar an eolas faoi na himeachtaí ar fad atá ag tarlú sa scoil. Is féidir muid a leanacht ar an leathanach Facebook Coláiste Ghobnait nó ar **Twitter @ColGhob**. Má tá do mhac/íníon páirteach in aon chomórtas irl bá bhréa linn cloisteáil uait.

CÚRSA QQI

Bhí cursaí QQI ar siúl i gColáiste Ghobnait i mbliana – Adhmadóireacht agus Ríomhairí. Míle buíochas leis na múinteoirí. Má tá suim agat in aon chúrsa don scoilbhliain, déan teagmháil leis an scoil go luath.

SEACHTAIN CAIRDEAS 2018/19

Bhí Seachtain Cairdeas i gColáiste Ghobnait ar an 22/10/2018.







Seachtain na Gaeilge – Buaiteoirí Tráth na gCeist

Seachtain na Folláine

Bhí Seachtain Folláine i gColáiste Ghobnait ar an 25/2/2019. Bóthar na Folláine casta agus siúlta go maith i rith na seachtaine ag Coláiste Ghobnait. Ceann scríbe bainte amach. Táscairí na folláine cutha i ngníomh againn.

Cur chuige uile scoile – Táscairí na Folláine.

Freagrach – ábalta gníomhú chun a bhfolláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn – ceardlann bia slaintiúil agus clár Wiser.

Gníomhach – gníomhach go fisiceach – rang damhsa, íoga, aqua aerobics agus rothaíocht.

Ceangailte – ceangáilte leis an gceardlann Oiléain Fholláine a bhí sa halla pobail in Inis Oírr, siúlóid agus rothaíocht.
Athléimneach – muiníneach iontu féin agus scileanna a bheith acu chun déileáil le dúshláin an tsaoil – Machnamh na maidine agus smaointe dearfach gach lá.
Feasach – eolach ar a gcuid smaointe, mothúchán agus iompair – comórtas postaer, rang íoga.
Meas – caidreamh dearfach a bheith acu le cairde, piaraí agus múinteoirí – lón folláine sa scoil, turas le chéile.

IMEACHTAÍ EILE

- Tharla Taithí Oibre Bliain 5 ar 4/3/2019 – 8/3/2019.
- Comórtas Raidió Bliain na Gaeilge 2018. Tá clár raidió curtha le chéile ag Bliain 1, 2 agus 3 faoi stiúr Eibhlín Ní Chatháin (Cuntóir Teanga). Craoladh é ar Raidió na Gaeltachta ar an Luan 11 Márta ag 04:30p.m. mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Éacht iontach bainte amach againn.
- Aoi chainteoir ón Marie Keating Foundation.
- Team HOPE Shoe Box Appeal.
- Seachtain na Matamataice i gColáiste Ghobnait – Tráth na gceist Mata sa halla.
- Gaeilge 24.
- Club Mata ar siúl gach Déardaoin ag am sos.
- Rang Folláine ar siúl gach Déardaoin ó 4.15 – 4.55.

- Ghlac scoláirí bliain 1, 2 agus 3 páirt sa gComórtas Náisiúnta Scríobhneoireachta.
- Bhuaigh Róisín an 2ú áit in Éirinn lena dán 'Níos mó ná Spórt' i gComórtas Scríbhneoireachta na Meán-scoileanna - 'Téann an CLG go smior ionainn!'
- Comhghairdeas le Jacqueline Ní Uallacháin (Bliain 3) a bhain amach an chéad áit i gcomortás Ealaíne an Chomhar Chreidmheasa.
- Ghlac Bobby Mac Gabhann páirt i gcomórtas Irish Open Cicdhornálaíocht a bhí ar siúl in Óstán an City West ar an 1/2/2019. Seo an comórtas is mó ar domhain, ghlac 4,000 iomaitheoir páirt ann.

- Thug Caoileann Ní Dhonnchadha cuairt ar an scoil agus labhair sí le scoláirí Bliain 5 & 6 faoin gcúrsa B.Oid trí mheán na Gaeilge.
- Rinne na scoláirí uilig ceiliúradh ar Lá na Ríthe (6 Eanáir) de réir traidisiún na Fraince. Bhácáil scoláirí na hIdirbhliana Cácaí na Ríthe dóibh agus piocadh 'Rí' don lá. *La Galette des Rois*.
- Bhain gach scoláire amach Teastas don chúrsa "Drive for Life".
- Tháinig Joe Lawlor isteach le labhairt le scoláirí faoi a ghairm mar léiritheoir.
- Comhghairdeas le scoláirí Choláiste Ghobnait agus scoláirí bunscoil Chaomháin a bhailigh €225:00 ar mhaithe le CMRF Crumlin.

GRADAM CHOLÁISTE GHOBNAIT

Scoláire na bliana Sóiséar:	*Aoibhín Ní Chonghaile*
Scoláire na bliana Sinsear:	*Muireann Ní Fhlatharta*
Feabhas agus iarracht ó thaobh na Gaeilge:	*Ciarán Ó Fearaíl*
Teagasc & Foghlaim:	*Bobby Mac Gabhann*

Cully & Sully

Gairdín an Phobail

Tá tús curtha leis an obair ar Ghairdín an Phobail i gcomhar le Comhar Caomhán. Rinne scoláirí bliain 1, 2 agus 3 an-obair sa ghairdín an tseachtain seo caite. Tá crainnte agus plandaí curtha agus tá sé i gceist glasraí agus torthaí a chuir ag fás roimh deireadh na seachtaine. Bhain na daltaí an-sult as an obair garraíodóireachta agus neart scileanna agus téarmaíocht foghlamtha acu. Rinneadh an obair seo mar pháirt den Chlár Folláine agus na ranganna Polasaí Gaeltachta. Rinneadh maoiniú ar an dtogra seo ón duais a bhuaigh Coláiste Ghobnait 'GROW2CEO' anuraidh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le chuile duine a thug cúnamh agus comhairle. Is Gairdín Pobail atá ann agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult agus taitneamh as.

Comórtas – Gradam Sheosaimh Mhic Dhonncha

Rinne daltaí bliain 1, 2 agus 3 Físeán ar Oidhreacht Inis Oírr. Tionscadal é seo le cultúr agus oidhreacht Inis Oírr a cheiliúradh. Tá muid fíor bhrodúil as an bhfíseán agus fíor-bhuíoch as chuile duine ón oileán a ghlac páirt ann. Is ceiliúradh atá sa tionscadal seo ar oidhreacht, cultúr agus teanga bheo ár sinsear - An Ghaeilge. Spreagann an tionscnamh seo cur chun cinn agus forbairt an cheoil, an damhsa, an fhilíocht, an scéalaíocht agus gan dabht ár dteanga anseo in Inis Oírr. Labhair na scolairí leis an seandream agus na saineolaithe. Chuardaigh siad pictiúr. Rinne siad taifead ar na hamhráin, filíocht agus agallaimh. Bhailigh siad eolas ó scríbhneoirí agus daoine le talann an cheoil agus na filíochta ar an oileán. Oidhreacht agus cultúr shaibhriúl atá sa bhfíseán seo don teanga, damhsa, ceol agus amhráin ar an oileán. Tá súil againn an físeán gearr seo a thaispeáint don phobal nuair atá torthaí an chomórtais fógraithe amach anseo.

CLEASATHON 2019

Míle buíochas do gach duine a thug cúnamh ar an lá go háirithe Coiste na dTuismitheoirí, na maoir ar fad agus na gnínanna a rinne urraíocht..

Buíochas le Raidió na Gaeltachta agus an criú a chraoladh "Seó beo an tSathairn" as Inis Oírr ar an 13 Aibreán, 2019.

Beidh Cleasathon 2020 ar siúl ar an **Satharn, Bealtaine 2 2020.**

154

159
153
668
160

615

616

662
639
638
664

695

13

639
638
593
882

1

618

Bhaile

1271

GRADAM AN BOOGR

Bronnadh Gradam an BOOGR ar scoláirí Choláiste Ghobnait faoi na catagóir seo a leanas:

- Ealaíon agus Cultúr
- Nualaíocht agus Fiontraíocht
- Lúthchleas/Spórt

CÍRÍN (CREST NA SCOILE)

Tá athrú déanta ar Chírín na Scoile. Bhí ionchur ag gach scoláirí anseo faoi stiúr an mhúinteóra Amy Brannigan.

NA SIOMBAIL

Lámha = le chéile
Trá agus an Fharraige = oileán Inis Oírr
An Caisleán = Oidhreacht agus Cultúr
Leabhar = Oideachas
Claí = Traidisiún

Is mise, le meas,

Bríd Ní Dhonnacha

Bríd Ní Dhonnacha
Príomhoide